③ Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 94

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

23 Márta 2022

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/462 ón gCoimisiún an 16 Márta 2022 lena ndeonaítear idirthréimhse le haghaidh úsáid an táisc gheografaigh faoi chosaint "Λουκάνικο Πιτσιλιάς" (Loukaniko Pitsilias) (TGFC)** ..... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/463 ón gCoimisiún an 22 Márta 2022 lena gceartaítear an leagan Gearmáinise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 lena leagtar síos bearta mionsonraithe chun na bunchaighdeáin chomhchoiteanna maidir le slándáil eitlíochta a chur chun feidhme** ([1]) ..... 3

CINNTÍ

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/464 ón gComhairle an 21 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/54/AE a mhéid a bhaineann leis an údarú arna dheonú do Phoblacht na Slóivéine leanúint den bheart speisialta de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a chur i bhfeidhm** ..... 4

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/465 ón gCoimisiún an 21 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 a mhéid a bhaineann le hacmhainneachtaí saotharlann shoghluaiste rescEU agus acmhainneachtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN rescEU** *(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1831)* ([1]) ..... 6

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/462 ÓN gCOIMISIÚN

**an 16 Márta 2022**

**lena ndeonaítear idirthréimhse le haghaidh úsáid an táisc gheografaigh faoi chosaint "Λουκάνικο Πιτσιλιάς" (Loukaniko Pitsilias) (TGFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir dar dáta an 15 Meán Fómhair 2017, mhol údaráis na Cipire don Choimisiún idirthréimhse a dheonú le haghaidh úsáid an ainm "Λουκάνικο Πιτσιλιάς" (Loukaniko Pitsilias) don chuideachta "Γρηγορίου Β.Ε. Λτδ" (Grigoriou B.E. Ltd), cuideachta a chruthaigh faoin nós imeachta agóide náisiúnta gur chuir sé an táirge ar an margadh go dleathach faoi ainm comhionann leis an ainm cláraithe ar feadh níos mó ná 5 bliana. Chuir údaráis na Cipire in iúl go bhfuil an chuideachta seo ina comhalta den *Cyprus Meat Products Association* (Comhlachas Táirgí Feola na Cipire), comhlachas a thaisc agóid inghlactha ar an leibhéal náisiúnta in aghaidh an iarratais ar chlárú an ainm "Λουκάνικο Πιτσιλιάς" (Loukaniko Pitsilias), iarratas ar dhiúltaigh an t-údarás inniúil dó. I bhfianaise gur chomhlíon an chuideachta sin na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, mhol údaráis na Cipire don Choimisiún Eorpach idirthréimhse a dheonú di.

(2) Trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/154 ón gCoimisiún ([2]), chláraigh an Coimisiún an t-ainm "Λουκάνικο Πιτσιλιάς" (Loukaniko Pitsilias) (TGFC) sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, gan an idirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 15(1) a dheonú do "Γρηγορίου Β. Ε. Λτδ" (Grigoriou B.E. Ltd) mar a mhol údaráis na Cipire. Tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/154 i bhfeidhm an 2 Márta 2021.

(3) Le litir dar dáta an 1 Márta 2021, mheabhraigh údaráis na Cipire don Choimisiún faoin moladh le haghaidh idirthréimhse a bhí san áireamh sa litir dar dáta an 15 Meán Fómhair 2017.

(4) Le litir dar dáta an 4 Bealtaine 2021, d'fhreagair an Coimisiún, ag iarraidh ar údaráis na Cipire fad na hidirthréimhse a iarradh a shonrú agus bonn cirt a thabhairt léi.

(5) Le litir dar dáta an 28 Meán Fómhair 2021, thug údaráis na Cipire le fios gur mheas siad idirthréimhse 5 bliana a bheith iomchuí. Bhí táirge a bhfuil an t-ainm céanna aige leis an ainm a cláraíodh faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/154 á chur ar an margadh go dleathach ag an gcuideachta "Γρηγορίου Β.Ε. Λτδ" (Grigoriou B.E. Ltd) ar feadh tréimhse leanúnach os cionn 10 mbliana sular cláraíodh an tásc geografach faoi chosaint. Ach an idirthréimhse atá beartaithe a dheonú, bheadh an chuideachta in ann a timthriall oibriúcháin a oiriúnú agus a athstruchtúrú i bhfianaise na staide nua.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/154 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2021 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint "Λουκάνικο Πιτσιλιάς" (Loukaniko Pitsilias) (TGFC) (IO L 46, 10.2.2021, lch. 4).

(6) De réir na faisnéise a chuir údaráis na Cipire ar fáil, ní leanann an chuideachta atá i gceist an tsonraíocht agus dá bhrí sin, sharófaí Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 dá n-úsáidfeadh sí an t-ainmniú lena mbaineann.

(7) Dá bhrí sin, chomhlíon an chuideachta "Γρηγορίου B.E. Λτδ" (Grigoriou B.E. Ltd) na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le go ndeonófaí idirthréimhse le leanúint ar aghaidh de bheith ag úsáid ainmniú an táirge faoinar cuireadh ar an margadh é. Ba cheart idirthréimhse 5 bliana a dheonú dá bhrí sin, agus le linn na tréimhse sin féadfaidh "Γρηγορίου B.E. Λτδ" (Grigoriou B.E. Ltd) úsáid a bhaint as an ainm faoi chosaint "Λουκάνικο Πιτσιλιάς" (Loukaniko Pitsilias).

(8) Ós rud é go bhfuil an t-ainm faoi chosaint ón 2 Márta 2021, an tráth a ndeachaigh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/154 lenar cláraíodh an t-ainm "Λουκάνικο Πιτσιλιάς" (Loukaniko Pitsilias) (PGI) i bhfeidhm, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an údarú chun an t-ainm faoi chosaint a úsáid ón dáta sin.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo don chuideachta "Γρηγορίου B.E. Λτδ" (Grigoriou B.E. Ltd) an t-ainm cláraithe "Λουκάνικο Πιτσιλιάς" (Loukaniko Pitsilias) a úsáid ar feadh idirthréimhse a mhairfidh go dtí an 1 Márta 2026. Beidh feidhm chúlghabhálach ag an idirthréimhse sin ón 2 Márta 2021.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/463 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22 Márta 2022**

**lena gceartaítear an leagan Gearmáinise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 lena leagtar síos bearta mionsonraithe chun na bunchaighdeáin chomhchoiteanna maidir le slándáil eitlíochta a chur chun feidhme**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Gearmáinise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid i bpointe 1.1.2.3, an chéad abairt, den Iarscríbhinn, earráid a athraíonn brí na forála.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Gearmáinise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 97, 9.4.2008, lch. 72.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1).

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/464 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Márta 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/54/AE a mhéid a bhaineann leis an údarú arna dheonú do Phoblacht na Slóivéine leanúint den bheart speisialta de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a chur i bhfeidhm**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 287, pointe (15), de Threoir 2006/112/CE, maidir le daoine inchánach nach airde a láimhdeachas bliantúil ná coibhéis EUR 25 000, ceadaítear don tSlóivéin iad sin a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha (CBL).

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/54/AE ón gComhairle ([2]), tugadh údarú don tSlóivéin, go dtí an 31 Nollaig 2015, beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287, pointe (15), de Threoir 2006/112/CE agus, dá bhrí sin, daoine inchánach nach airde a láimhdeachas bliantúil ná EUR 50 000 a dhíolmhú ó CBL ('an beart speisialta'). Cuireadh síneadh le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta faoi dhó, agus cuireadh an síneadh is deireanaí acu sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1700 ón gComhairle ([3]), go dtí an 31 Nollaig 2021.

(3) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2021, d'iarr an tSlóivéin údarú breise chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024, an dáta faoina gcaithfidh na Ballstáit Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle a thrasuí ([4]). Maidir leis an soláthar earraí agus seirbhísí a dhéanann daoine inchánach nach airde a láimhdeachas bliantúil ná tairseach EUR 85 000 i mBallstát ar leith nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta, de thoradh na Treorach sin, ón 1 Eanáir 2025 ceadófar do na Ballstáit an soláthar sin a dhíolmhú.

(4) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 15 Samhain 2021 maidir leis an iarraidh a rinne an tSlóivéin. Le litir dar dáta an 16 Samhain 2021, thug an Coimisiún fógra don tSlóivéin go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(5) Tá an beart speisialta i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/285, lena bhféachtar leis an ualach comhlíontachta ar fhiontair bheaga a laghdú agus saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a sheachaint.

(6) Leanfaidh an beart speisialta de bheith roghnach do dhaoine inchánach toisc go bhféadfaidh siad na gnáthshocruithe CBL a roghnú de bhun Airteagal 290 de Threoir 2006/112/CE.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/54/AE ón gComhairle an 22 Eanáir 2013 lena n-údaraítear do Phoblacht na Slóivéine beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 22, 25.1.2013, lch. 15).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1700 ón gComhairle an 6 Samhain 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/54/AE lena n-údaraítear don tSlóivéin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 285, 13.11.2018, lch. 78).

([4]) Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13).

(7) De réir faisnéis a chuir an tSlóivéin ar fáil, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag an mbeart speisialta ar an méid iomlán ioncaim cánach a bhailíonn an tSlóivéin ag céim an tomhaltais deiridh.

(8) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle [5], níl an tSlóivéin chun aon ríomh ar chúiteamh a dhéanamh maidir leis an ráiteas faoi acmhainní dílse CBL le haghaidh bhliain airgeadais 2021 agus ina dhiaidh sin.

(9) I bhfianaise thionchar dearfach an bhirt speisialta maidir le hoibleagáidí a bhaineann le CBL a shimpliú, agus gur laghdaíodh an ualach riaracháin agus na costais chomhlíontachta a bhíonn ar fhiontair bheaga agus ar na riaracháin chánach leis, agus ós rud é nach bhfuil aon tionchar mór ar an ioncam CBL iomlán a ghintear, ba cheart údarú a thabhairt don tSlóivéin leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm.

(10) Ba cheart teorainn ama a bheith le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta. Ba cheart an teorainn ama a bheith leordhóthanach chun gur féidir leis an gCoimisiúin meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus oiriúnacht na tairsí reatha. Thairis sin, de bhun Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2020/285, tá na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2024, leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh agus a fhoilsiú chun Airteagal 1 den Treoir sin a chomhlíonadh, lena leasaítear Treoir 2006/112/CE, agus tá siad leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025. Is iomchuí, dá bhrí sin, údarú a thabhairt don tSlóivéin an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024.

(11) Chun aon chur isteach a sheachaint, ba cheart cead a bheith ag an tSlóivéin leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm gan bhriseadh. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-údarú arna iarraidh a dheonú ón 1 Eanáir 2022, chun leanúint gan uaim de na réamhshocruithe faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/54/AE.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/54/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/54/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2024.".

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an lá a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Slóivéine.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Márta 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

---

[5] Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 165, 11.5.2021, lch. 9).

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/465 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Márta 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 a mhéid a bhaineann le hacmhainneachtaí saotharlann shoghluaiste rescEU agus acmhainneachtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN rescEU**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1831)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(1), pointe (g), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE, leagtar amach creat dlíthiúil rescEU, ar cúlchiste acmhainneachtaí ar leibhéal an Aontais é arb é is aidhm dó cúnamh a sholáthar i staideanna treascracha nach féidir leis na hacmhainneachtaí foriomlána atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta ná leo siúd arna ngealladh ag na Ballstáit don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta freagairt éifeachtach ar thubaistí nádúrtha nó de dhéanamh an duine a áirithiú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, tá acmhainneachtaí rescEU le cinneadh trí rioscaí arna sainaithint agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, acmhainneachtaí foriomlána agus bearnaí ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh. Tá ceithre réimse ann ar cheart do rescEU díriú orthu go háirithe, eadhon aerchomhrac na ndóiteán foraoise, teagmhais cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (“CBRN”), an phráinnfhreagairt leighis, mar aon leis an iompar agus an lóistíocht.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 ón gCoimisiún ([2]), leagtar amach comhdhéanamh tosaigh rescEU i dtéarmaí acmhainneachtaí agus ceanglas cáilíochta. Is é atá i gcúlchiste rescEU go dtí seo acmhainneachtaí aerchomhrac na ndóiteán foraoise, acmhainneachtaí aslonnaithe aerleighis, foirne leighis éigeandála, trealamh leighis nó trealamh cosanta pearsanta a stoc-charnadh, nó an dá cheann díobh sin, acmhainneachtaí dí-éilliúcháin CBRN, acmhainneachtaí stoc-charntha CBRN, acmhainneachtaí dídine sealadacha agus acmhainneachtaí iompair agus lóistíochta.

(4) Le hanailís ar rioscaí sainaitheanta agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, chomh maith le hanailís ar acmhainneachtaí agus ar bhearnaí ar leibhéal an Aontais, léirítear go bhfuil gá le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí cosanta sibhialta trí bhrath, sampláil, sainaitheantas agus faireachán CBRN a sholáthar ar an láthair le haghaidh na freagartha d’éigeandálaí (i.e., chun iarmhairtí díobhálacha do shaol an duine nó do shláinte an duine a eascraíonn as substaintí CBRN a mhaolú), le haghaidh gníomhaíochtaí cuardaigh (i.e., chun suíomh shubstaintí CBRN atá lasmuigh den rialú rialála a shocrú), le haghaidh na freagartha d’eachtraí slándála (i.e., chun freagairt do ghníomhartha a d’fhéadfadh a bheith coiriúil nó gníomhartha neamhúdaraithe intinneacha a bhaineann le substaintí CBRN nó gníomhartha a dhírítear orthu), agus le haghaidh an fhaireachais ar mhórimeachtaí (i.e., chun gníomhartha coiriúla nó gníomhartha neamhúdaraithe intinneacha a bhaineann le substaintí CBRN a chosc).

(5) Ba cheart a áireamh san acmhainneacht tacaíocht measúnaithe theicniúil siarshínidh le haghaidh gníomhaíochtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN a chuirtear chun feidhme faoin Sásra Aontais. Ba cheart an comhpháirt siarshínidh sin a chur ar fáil d’údaráis náisiúnta. D’fhéadfadh institiúid aonair nó díorma institiúidí speisialaithe an siarshíneadh a sholáthar.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 924.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hacmhainneachtaí rescEU agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/762/AE ón gCoimisiún (IO L 99, 10.4.2019, lch. 41).

(6) Beartaítear gur pacáiste aonair a bheidh san acmhainneacht agus beidh leibhéal ard inscálaitheachta inmheánaigh agus módúlachta inmheánaigh inti; fágann sé sin gur féidir, más gá, comhpháirteanna aonair na hacmhainneachta a imscaradh ar leithligh agus iad curtha in oiriúint do ghníomhaíochtaí freagartha d'éigeandálaí, cuardaigh, freagartha slándála nó faireachais, agus in oiriúint don ghuais nó don bhagairt cheimiceach, bhitheolaíoch, raideolaíoch nó núicléach.

(7) San anailís a rinneadh ar rioscaí arna sainaithint agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, chomh maith le hinniúlachtaí agus bearnaí ar leibhéal an Aontais, léiríodh go bhfuil gá le hacmhainneachtaí saotharlann shoghluaiste. Is é príomhchuspóir acmhainneachtaí na saotharlann shoghluaiste tacaíocht sholúbtha inoiriúnaithe a sholáthar i gcás ina sáraítear acmhainneacht na mBallstát maidir le pataiginí nó substaintí CBRN a bhrath, a anailísiú nó a fhíorú. Le hacmhainneachtaí na saotharlann shoghluaiste, d'fhéadfaí díriú ar speisialtóireachtaí éagsúla ina bhfuil leibhéal ard inscálaitheachta, módúlachta agus idir-inoibritheachta.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 12(4) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, ba cheart ceanglais cháilíochta faoi rescEU a bheith bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta sheanbhunaithe, i gcás inarb ann do chaighdeáin mar sin cheana féin. Ba cheart na ceanglais cháilíochta maidir le comhpháirt bhitheolaíoch na saotharlann shoghluaiste a bheith bunaithe ar aicmiúcháin saotharlann shoghluaiste mhearfhreagartha ([3]) a sholáthraíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

(9) Ba cheart acmhainneachtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin i leith CBRN agus acmhainneachtaí saotharlann shoghluaiste a bhunú chun dul i ngleic le rioscaí lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór, i gcomhréir leis na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 3d de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 agus tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 a leasú dá réir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1a, cuirtear an pointe 4 seo a leanas isteach

"(4) ciallaíonn 'siarshíneadh' an próiseas ina bhfaightear tacaíocht ó eintitis nach bhfuil imscartha in obair allamuigh.";

(2) in Airteagal 2, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

"(j) acmhainneachtaí iompair agus lóistíochta;"

(b) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

"(k) Acmhainneachtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN le haghaidh na freagartha d'éigeandálaí, gníomhaíochtaí cuardaigh, na freagartha d'eachtraí slándála agus an fhaireachais ar mhórimeachtaí;

(l) acmhainneachtaí saotharlann shoghluaiste.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3a:

"*Airteagal 3a*

**Costais incháilithe maidir le haslonnú aerleighis rescEU, foirne leighis éigeandála chineál 2 agus 3, stoc-charnadh leighis, dí-éilliúchán CBRN, stoc-charnadh CBRN, dídean shealadach, iompar, lóistíocht, acmhainneachtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN, agus acmhainneachtaí saotharlann shoghluaiste**

Déanfar gach catagóir costais dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE a chur san áireamh agus costas iomlán incháilithe acmhainneachtaí rescEU á ríomh.";

([3]) Treoraíocht maidir le haicmiúchán saotharlann shoghluaiste mhearfhreagartha. Cóbanhávan: Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) don Eoraip; 2021.

(4) in Airteagal 3e, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

"3. Bunófar acmhainneachtaí rescEU dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (c) go (l), leis an gcuspóir bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór.

4. I gcás ina ndéantar acmhainneachtaí rescEU dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (c) go (l), a imscaradh faoin Sásra Aontais, cumhdófar 100 % de na costais oibríochtúla le cúnamh airgeadais ón Aontas, de bhun Airteagal 23(4b) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.";

(5) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Janez LENARČIČ
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an Roinn 11 agus Roinn 12 seo a leanas san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570:

"11. **Acmhainneacht bhraite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN, le haghaidh na freagartha d'éigeandálaí, gníomhaíochtaí cuardaigh, na freagartha d'eachtraí slándála agus an fhaireachais ar mhórimeachta**

| | |
|---|---|
| Tascanna | — Acmhainneacht bhraite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN siarshínidh atá in-imscartha, le haghaidh na freagartha d'éigeandálaí, gníomhaíochtaí cuardaigh, na freagartha d'eachtraí slándála agus an fhaireachais ar mhórimeachta ([1]). |
| Acmhainneachtaí | — An cumas tacaíocht oibríochtúil a sholáthar le haghaidh na freagartha d'éigeandálaí ([2]), trí bhrath, sampláil, sainaitheantas agus faireachán CBRN ar an láthair.<br>— An cumas tacaíocht a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí cuardaigh, trí bhíthin brath, sampláil, sainaitheantas agus faireachán CBRN ar an láthair.<br>— An cumas tacaíocht oibríochtúil a sholáthar le haghaidh na freagartha d'eachtraí slándála, trí bhrath, sampláil, sainaitheantas agus faireachán CBRN ar an láthair. Áireofar leis sin an cumas tacaíocht a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh nó an tríú tír iarrthach ([3]) agus iarracht á déanamh aige fianaise fhóiréinseach a chaomhnú agus a bhailiú, chun an líne chúraim a shlánú agus chun faisnéis rúnaicmithe a chosaint.<br>— An cumas tacaíocht a thabhairt le haghaidh oibríochtaí faireachais mhórimeachtaí, trí bhíthin brath, sampláil, sainaitheantas agus faireachán CBRN ar an láthair.<br>— An cumas tacaíocht a thabhairt le haghaidh measúnú teicniúil siarshínidh neamh-imscartha le haghaidh ghníomhaíochtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le sábháilteacht a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin.<br>— An cumas ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh dúshláin oibríochtúla chun brath, sampláil, sainaitheantas agus faireachán CBRN a chur i bhfeidhm sa Bhallstát iarrthach nó sa tríú tír iarrthach, agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, agus measúnuithe guaise agus measúnuithe ar bhagairtí, pleananna, nósanna imeachta agus prótacail de chuid an Bhallstáit iarrthaigh nó an tríú tír iarrthach á gcur san áireamh.<br>— An cumas feidhmiú faoi threoir an Bhallstáit iarrthaigh, dá dtagraítear in Airteagal 12(6) agus (7) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, agus idirghabháil oibríochtúil éifeachtach agus cumais chomhordúcháin éifeachtacha a sholáthar i gcomhar le húdaráis ábhartha an Bhallstáit iarrthaigh ([4]). |
| Príomh-chomhpháirteanna | — Díorma saineolaithe a bhfuil sé ar a gcumas measúnú agus pleanáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin CBRN, bunaithe ar mheasúnuithe an Bhallstáit iarrthaigh nó an tríú tír iarrthach ar ghuaiseanna agus ar bhagairtí.<br>— Díorma saineolaithe atá in-imscartha a bhfuil sé ar a gcumas brath, sampláil, sainaitheantas agus faireachán CBRN a dhéanamh, le haghaidh na freagartha d'éigeandálaí, gníomhaíochtaí cuardaigh, na freagartha d'eachtraí slándála agus gníomhaíochtaí faireachais.<br>— Trealamh agus uirlisí atá in-imscartha chun brath, sampláil, sainaitheantas agus faireachán CBRN a dhéanamh, chomh maith leis an méid seo a leanas mar a mheastar a bheith riachtanach chun feidhmiúlacht na hacmhainneachta a áirithiú: trealamh tacaíochta, uirlisí, acmhainní, feithiclí, tomhaltáin, teicneolaíochtaí cumarsáide sláine, malartaithe sonraí agus faisnéise, agus saotharlanna allamuigh beaga ([5]).<br>— Trealamh, uirlisí, acmhainní agus tomhaltáin atá in-imscartha, chomh maith le córas bainistíochta iomchuí, chun dramhaíl éillithe de dheasca gníomhaíochtaí braite, samplála, sainaitheantais agus faireacháin a láimhseáil.<br>— Acmhainneacht siarshínidh oibríochtúil le haghaidh measúnaithe theicniúil agus oibríochtúil, go háirithe i réimse an tsainaitheantais, na samplála agus na sábháilteachta. |

| | |
|---|---|
| | — Trealamh, nósanna imeachta, uirlisí, acmhainní agus tomhaltáin iomchuí chun sábháilteacht pearsanra a áirithiú agus iad ag feidhmiú i dtimpeallacht ghuaiseach, amhail brathadóirí iomchuí, trealamh cosanta pearsanta nó comhpháirteanna dí-éilliúcháin, i gcomhréir le riachtanas dlí is infheidhme atá ann faoi láthair agus le caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme. |
| Neamhthuilleamaíocht | — Tá feidhm ag Airteagal 12 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2014/762/AE. |
| Imscaradh | — Infhaighteacht na gcomhpháirteanna in-imscartha chun imeachta agus infhaighteacht chun tacaíocht a sholáthar le haghaidh measúnú teicniúil siarshínidh laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>— An cumas oibríochtaí a choinneáil ar bun ar feadh 14 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad.<br>— D'fhéadfaí an acmhainneacht a shuíomh roimh ré i gcásanna iarrataí ar chúnamh de réir Airteagal 15(2) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE agus iad bunaithe ar mheasúnuithe náisiúnta ar bhagairtí lena léirítear cás eisceachtúil riosca méadaithe. |

([1]) Aon imeacht a bhféadfadh sé gur ghá gníomhaíochtaí faireachais CBRN ina leith mar gheall ar mheasúnuithe náisiúnta ar bhagairtí (e.g. cruinnithe poiblí móra, ócáidí spóirt, cruinnithe na gceann stáit, ceolchoirmeacha, mórthaispeántais dhomhanda).
([2]) Cumhdófar leis seo aon chineál éigeandála arb éigeandáil nádúrtha í nó ar de dhéanamh an duine í agus arb éigeandáil í lena mbaineann ábhair ghuaiseacha nó substaintí CBRN. Is samplaí iad éigeandálaí a tharlaíonn de thoradh tubaistí nádúrtha, gníomhaíochtaí tionsclaíochta, iompair nó taighde, gníomhartha coiriúla nó gníomhartha neamhúdaraithe intinneacha, gníomhartha sceimhlitheoireachta nó coinbhleachta armtha, nó tuairteanna satailíte nó smionagair spáis.
([3]) I gcomhréir le hAirteagal 12(10) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, i gcás ina bhféadfaí cur isteach go mór ar Bhallstát amháin nó níos mó nó ar shaoránaigh an Bhallstáit le tubaiste lasmuigh den Aontas, féadfar acmhainneachtaí rescEU a imscaradh.
([4]) Amhail údaráis a bhaineann leis an gcosaint shibhialta, forghníomhú an dlí, faisnéis, diúscairt ordanáis phléascaigh nó tacaíocht theicniúil.
([5]) E.g., chun tacú leis an anailís tosaigh ar shamplaí."

12. **Acmhainneachtaí saotharlann shoghluaiste**

| | |
|---|---|
| Tascanna | — Saotharlann shoghluaiste a sholáthar atá modúlach, solúbtha agus inoiriúnaithe a bhfuil sé ar a cumas pataiginí nó substaintí CBRN a bhrath, a anailísiú nó a fhíorú. |
| Acmhainneachtaí | — An cumas gníomhaíochtaí saotharlainne a bhainistiú.<br>— An cumas tástáil agus anailís a dhéanamh de réir na gcaighdeán, na dtreoirlínte agus na ndea-chleachtas idirnáisiúnta is infheidhme atá ann faoi láthair.<br>— An cumas pataiginí nó substaintí CBRN ó ghrúpaí riosca éagsúla a láimhseáil agus sonraí agus torthaí anailíse a bhaineann leo a stóráil, a tharchur agus a bhainistiú i modh slán sábháilte.<br>— An cumas tacú le himscrúdú sláinte poiblí, torthaí a thuairisciú, agus fíorúchán a dhéanamh agus an líne chúraim á caomhnú agus faisnéis rúnaicmithe á cosaint. |
| Príomhchomhpháirteanna | Saineolaithe<br>— Pearsanra atá oilte go hiomchuí agus atá feistithe go leormhaith chun na tascanna éagsúla a dhéanamh mar a shainítear faoi thascanna.<br>Lóistíocht<br>— Nósanna imeachtaí oibríochta iomchuí a fhorbairt.<br>— Eolas ar rialacha custaim agus ar cheanglais shonracha a bhaineann le trealamh saotharlainne soghluaiste, imoibrithe agus baill foirne a chur thar teorainn.<br>Bainistíocht faisnéise<br>— Córas cumarsáide ina bhfuil líonra TF slán agus neamhshlán (LAN) chun ceangal idirlín, bainistíocht sonraí agus malartú sonraí a áirithiú, lena n-airítear i limistéir iargúlta |

| | |
|---|---|
| | — Córas bainistíochta faisnéis saotharlainne.<br><br>Trealamh<br><br>— Trealamh agus tomhaltáin iomchuí a bhfuil gá leo chun tascanna agus feidhmeanna fíor-riachtanacha a chur i gcrích.<br><br>— Córais tacaíochta uirlisí agus acmhainní iomchuí chun tascanna agus feidhmeanna fíor-riachtanacha a chur i gcrích.<br><br>Sábháilteacht<br><br>— Trealamh, nósanna imeachta, uirlisí, acmhainní agus tomhaltáin iomchuí, lena n-áirítear córais bainistithe dramhaíola iomchuí, chun sábháilteacht an phearsanra, an phobail máguaird agus an chomhshaoil a áirithiú agus iad ag feidhmiú le substaintí nó pataiginí guaiseacha CBRN, i gcomhréir le riachtanas dlí is infheidhme atá ann cheana agus le caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme. |
| Neamhthuilleamaíocht | — Leis an acmhainneacht, ba cheart neamhthuilleamaíocht a áirithiú ar feadh 14 lá ar a laghad.<br><br>— Tá feidhm ag Airteagal 12(1) agus (2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2014/762/AE. |
| Imscaradh | — Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh. |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA